An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Eacnamaíocht Bhaile

# Ceardlann

# 2018-2019

www.jct.ie

Ionad Oideachais Mhuineachain

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

CC BY NC

# Eacnamaíocht Bhaile
# na Sraithe Sóisearaí

## Gluais Téarmaí Eacnamaíocht Bhaile

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhínítear na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.


| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Próiseas na treorach le haghaidh dearadh** | Úsáidtear treoir oscailte chun breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais taisc áirithe. Bheadh an treoir rialta agus machnamhach go hidéalach agus d'fhéadfadh go mbeadh na céimeanna seo a leanas i gceist: an fhadhb/tasc a shainmhíniú; iniúchadh/taighde; smaointe a ghiniúint; réitigh fhéideartha a fhorbairt; smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais; an dearadh a bheachtú; an táirge a dhéanamh; measúnú. |
| **Litearthacht bia** | Baineann leis an eolas, na scileanna, na dearcthaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil. |
| **Fadhbanna Praiticiúla Rialta** | Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach. |
| **Cur Chuige Bunaithe ar Chórais** | I gcur chuige bunaithe ar chórais scrúdaítear idirghaolmhaireacht na gcomhthéacsanna seachas aon staid amháin a scrúdú ann féin. Cuimhnítear ar chomhthéacsanna iolracha a mbíonn tionchar acu ar chastacht an tsaoil agus ar shaol an teaghlaigh san aonú haois is fiche. |
| **Scileanna cócaireachta** | Is éard atá i gceist le scileanna cócaireachta ná na scileanna agus an t-eolas chun béile/táirge a phleanáil, a ullmhú, a chur i gcrích agus a mheas. |
| **Galair a bhaineann le haiste bia** | Is ionann galair a bhaineann le haiste bia (nó galair ainsealacha a bhaineann le cothú bia) agus galair a thagann chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana. Is samplaí de ghalair ainsealacha iad murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacla. |
| **Riachtanas speisialta cothaithe** | Cé nach bhfuil sainmhíniú cinnte ann, d'fhéadfaí a rá gur daoine a bhfuil 'riachtanas speisialta cothaithe' acu iad na daoine a dtugtar comhairle dóibh nó a roghnaíonn gan glacadh le moltaí cothaithe forleathana. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt ar bhia, galar putóige athlastaí) nó ar chúiseanna nach mbaineann le leigheas (m.sh. aistí bia veigeatóracha, cúiseanna reiligiúnacha nó cultúrtha). |

*(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, NCCA, lch.27)*

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Amlíne 2018-2021: | **1** |
| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Na Briathra Gnímh: | **2** |
| Maireachtáil Fhreagrach agus Inbhuanaithe | **3** |
| Torthaí Foghlama a Fiosrú | **4** |
| Sliocht as Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe | **5** |
| Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha | **6** |
| An Chruthaitheacht a Fhiosrú | **10** |
| Na Gnéithe Cáilíochta: Teicstílí Cruthaitheacha | **11** |
| Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha, Plé Roinne | **12** |
| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra Gnímh: | **13** |
| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Póstaer na dTorthaí Foghlama | **15** |
| Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia | **16** |
| Na Gnéithe Cáilíochta: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia | **19** |
| Próiseas na Treorach le haghaidh Dearadh | **20** |
| Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach | **21** |
| Na hÓcáidí Foghlama is Tábhachtaí | **22** |
| Aonad Foghlama: Rogha Leagan Amach | **23** |

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
# Amlíne 2018-2021




# Fís na Sraithe Sóisearaí

'In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol.'

*(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, CNCM, lch.3)*



| **Cén chuma atá ar an bhfoghlaim in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí?** |
| --- |
| |

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

## Na Briathra Gnímh

| | |
|---|---|
|   | **Cén t-eolas atá Agam faoi Bhriathra Gnímh?** |
|   | **Cén t-eolas atá Uaim faoi Bhriathra Gnímh?** |
|   | **Rud nua atá Foghlamtha agam faoi Bhriathra Gnímh?** |

**Nótaí:**



# Maireachtáil Fhreagrach agus Inbhuanaithe

Thar na trí shnáithe, éascaíonn na torthaí foghlama sa ghné seo an scoláire chun bheith ina smaointeoir a dhíríonn ar an todhchaí agus ina saoránach atá báúil don chomhshaol, agus iad geallta chun maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach a bhaint amach. Mar bhonn taca ag na torthaí foghlama sa ghné seo thar na trí shnáithe, déantar forbairt ar éifeachtúlacht an scoláire féin, ar a mhachnamh criticiúil, agus ar a thuiscint maidir le roghnú agus úsáid acmhainní sa bhaile; athrú teicneolaíoch; saincheisteanna comhshaoil agus an tionchar a bhíonn acu sin ar bhainistíocht acmhainní sa bhaile agus ar thomhaltas pearsanta sa saol ó lá go lá.

*(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, CNCM, lch.13)*



REDISCOVERY CENTRE

| | |
|---|---|
|   | **Trí rud atá ar eolas agam cheana féin faoin inbhuanaitheacht** |
|   | **Dhá rud shuimiúla agus mé ag breathnú ar an ngearrthóg físe** |
|   | **Ceist amháin atá agam fós** |

# Torthaí Foghlama a Fhiosrú

‘Cuirfear barr feabhais ar rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite san Eacnamaíocht Bhaile.’

*(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, CNCM, lch. 11)*

| |
|---|
| **Bliain:** An Chéad Bhliain |
| **Téama** |
| **Torthaí Foghlama**<br>2.7 na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach |
| **Príomhfhoghlaim**<br>*(Cén fhoghlaim a tharlóidh san Aonad Foghlama seo?)* |
| **Measúnú**<br>*(Conas foghlaim na scoláirí a sheiceáil?)* |

| |
|---|
| **Nótaí:** |

# Sliocht as Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (Eanáir 2019)

Is féidir teacht ar chuntas ar mheasúnú sa tSraith Shóisearach sa *Creat don tSraith Shóisearach* 2015 ar https://www.ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf

Tagann an chuid is mó den eolas atá sa leabhrán seo ó Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (Eanáir 2019) ar https://www.curriculumonline.ie/getmedia/8cb984ba-7dbf-4b72-aa68-4f176ecf675e/HomeEC_AssessmentGL_0219_GA.pdf

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe in Eacnamaíocht Bhaile. Déantar iad a mheas ar Leibhéal Comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an t-amchlár do na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil sna hábhair uile go bliantúil ar https://curriculumonline.ie/Junior-cycle. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile i dTábla 1 thíos.

| Measúnú Rangbhunaithe | Fianaise ar fhoghlaim |
|---|---|
| Teicstílí Cruthaitheacha | Is tionscadal do dhuine aonair é seo. Soláthróidh an scoláire fianaise gur cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm ar cheann de na roghanna seo a leanas: Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach<br><br>Nó<br><br>Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach |
| Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia | Is aighneacht ó dhuine aonair é seo. Úsáidfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun taighde a dhéanamh, smaointe a ghiniúint agus réitigh fhéideartha don treoir a roghnaíodh a ghiniúint dá threoir le haghaidh scileanna litearthachta bia a tharraingítear as liosta treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

*Tábla 1 Measúnuithe Rangbhunaithe don Eacnamaíocht Bhaile*

# Measúnú Rangbhunaithe 1
# Teicstílí Cruthaitheacha

Tugann Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha deis don scoláire a scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta a thaispeáint ar bhealach cruthaitheach. Tugann sé deis freisin tabhairt go gníomhach faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Tá scileanna teicstíle agus ceardaíochta ina ndlúthchuid den Mheasúnú Rangbhunaithe seo agus tá scileanna fuála ceardaíochta de lámh agus ar inneall fuála i gceist leo. Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm chun earra teicstíle a dhéanamh/a athchúrsáil do dhuine nó don bhaile. Tabharfar aird chuí ar bhunriachtanais dhaonna, treochtaí tomhaltóirí, ceisteanna éiceolaíochta agus an teicneolaíocht. Tríd an Measúnú Rangbhunaithe seo, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus mar sin de bainfidh sé amach go leor de na torthaí foghlama ar fud Shnáitheanna 2 agus 3 i sonraíocht eacnamaíocht bhaile na sraithe sóisearaí.

*Chun críche na dtorthaí foghlama agus an mheasúnaithe sa tsonraíocht eacnamaíocht bhaile, cuimsíonn an téarma 'earra teicstíle' gach cineál ceardaíochta do dhuine agus don bhaile atá bunaithe ar theicstílí.*

Tugtar dhá rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal Teicstílí Cruthaitheacha amháin:

1. Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

   NÓ

2. Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach


Mar chuid den tionscadal Teicstílí Cruthaitheacha, léireoidh an scoláire fianaise ar:

- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
- prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm
- teicnící bunúsacha fuála de lámh agus/nó ar inneall fuála a úsáid chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe fabraice (más cuí)
- cúram agus cothabháil chuí teicstílí.

Cuirtear Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích sa dara bliain. Braithfidh an dáta a gcuirfear Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích ar an scoil agus, laistigh den scoil, ar an múinteoir. Tugtar an tsolúbthacht seo ionas gur féidir acmhainní ar nós sainseomraí a phleanáil, a eagrú agus a roinnt.

# An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Teicstílí Cruthaitheacha

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo ná treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.




*Fíor 1 An próiseas le Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh*

## Ullmhúchán

**Ullmhúchán an scoláire**

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na snáithe staidéir: Saol Teaghlaigh Freagrach, agus Teicstílí agus Ceardaíocht, chun tabhairt faoina thionscadal Teicstílí Cruthaitheacha roghnaithe. Tugann an scoláire faoin Measúnú Rangbhunaithe seo i rith an Dara Bliain thar ocht go deich seachtaine ag brath ar an bhfáil atá aige ar acmhainní cuí agus sonracha. Ba chóir an obair a tháirgeadh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ábhair. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama d'Eacnamaíocht Bhaile, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna, eolas agus cruthaitheacht teicstílí agus ceardaíochta a fhorbairt. Ba chóir go gcuirfí ar a chumas freisin cinntí inbhuanaithe a dhéanamh sula gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe i gcrích. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.


**Ullmhúchán an mhúinteora**

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích, ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh. De bharr nádúr an ábhair agus an gá atá le hacmhainní cuí agus sonracha a úsáid, féadfar cur chuige chun Teicstílí Cruthaitheacha a chur i gcrích a chinneadh ar leibhéal na scoile. D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie:

- Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach

https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA

# Measúnú Rangbhunaithe 1
# Teicstílí Cruthaitheacha a chur i gcrích




Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, tabharfaidh an scoláire go praiticiúil agus go cruthaitheach faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh chun earra teicstíle a dhéanamh do dhuine nó don bhaile. Beidh dhá rogha ag an scoláire:

- Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach
- Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

Tabharfaidh an scoláire faoi dhá réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

1. Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
2. Scileanna teicstílí cruthaitheacha a thaispeáint

**1. Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm**

Ba chóir fianaise i scríbhinn ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur isteach agus an fhaisnéis seo a leanas ann:

- ráiteas na treorach roghnaithe
- cúinsí le meas nuair atá réiteach féideartha á roghnú, a áiríonn prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta
- iniúchadh ar dhá réiteach fhéideartha (féadfar iad a sceitseáil)
- réiteach roghnaithe: dearaí/sceitseanna/líníochtaí cruthaitheacha den earra ceardaíochta/teicstíle
- dhá chúis don rogha
- liosta acmhainní a theastóidh ón scoláire chun an treoir a chur i gcrích
- sreabhchairt/plean oibre, ina dtugtar breac-chuntas ar na céimeanna a bheartaíonn an scoláire a dhéanamh sa phróiseas agus an t-ord ina ndéanfar iad
- ba chóir don scoláire machnamh gearr a chur isteach, a thaispeánann an chaoi a ndearna an scoláire measúnú ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Ba chóir go n-áireofaí ann:
  - measúnú ar an earra teicstíle
  - machnamh ar an méid ar éirigh go maith leis agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn i rith phróiseas na treorach le haghaidh dearadh
  - conclúidí i.e. dá mbeinn ag tabhairt faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh arís agus/nó dá mbeinn ag déanamh/ag athchúrsáil earra teicstíle arís, céard a dhéanfainn ar bhealach eile

**2. Scileanna teicstílí cruthaitheacha a thaispeáint**

Ba chóir go gcomhlíonfadh an t-earra teicstíle cruthaithí an treoir. Ba chóir don scoláire fianaise a thaispeáint ar:

- réimse greamanna bunúsacha agus/nó teicnící bunúsacha fuála de lámh agus/nó ar inneall fuála a úsáid chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe/cruthaithe uigeachta fabraice (más cuí)
- lipéad cúraim teicstíle.

**Fianaise ar fhoghlaim**

Cuirfidh an scoláire earra teicstíle isteach i dteannta fianaise gur cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm. Ba chóir go dtabharfaí cuntas gonta san fhianaise i scríbhinn ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an múinteoir measúnú ar an Measúnú Rangbhunaithe leis na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sna treoirlínte seo (lch. 17-18).

# Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Gnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre thuairisceoir gnóthachtála is fearr a oireann d'obair an scoláire: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.

Úsáidtear **Thar barr** ar fad le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.


Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar www.curriculumonline.ie le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar https://curriculumonline.ie/Junior-cycle

## An Chruthaitheacht a Fhiosrú

| |
|---|
| **Tasc:** Réiteach cruthaitheach a léiriú le haghaidh éadaí agus/nó dramhtheicstílí sa teach a athúsáid |
| **Cén chuma a bheadh ar réiteach maith ar an tasc seo?**  |

| |
|---|
| **Nótaí:** |

## Na Gnéithe Cáilíochta: Teicstílí Cruthaitheacha

**Thar barr ar fad**

- Cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i gcrích ar chaighdeán an-ard agus tá sé an-chuimsitheach; tá prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta an-soiléir sa phróiseas agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chaighdeán an-ard.
- Cuireadh na scileanna ceardaíochta/teicstíle i bhfeidhm go leanúnach ar chaighdeán an-ard ar an iomlán nuair a bhí an t-earra ceardaíochta/teicstíle á chruthú agus léiríonn an scoláire leibhéal an-ard cruthaitheachta agus úrnuachta.
- Tá machnamh an scoláire an-chuimsitheach, agus taispeántar cumas chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh.

**Os cionn na n-ionchas**

- Cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i gcrích ar chaighdeán ard; tá prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta soiléir sa phróiseas agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chaighdeán ard, agus deis bheag ann chun iad a fheabhsú.
- Cuireadh na scileanna ceardaíochta/teicstíle i bhfeidhm ar chaighdeán ard nuair a bhí an t-earra ceardaíochta/teicstíle á chruthú agus léiríonn an scoláire leibhéal maith cruthaitheachta agus roinnt úrnuachta.
- Tá machnamh an scoláire cuimsitheach, agus taispeántar cumas chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh.

**Ag teacht leis na hionchais**

- Cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i gcrích ar chaighdeán sásúil; tá prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta soiléir ach níor forbraíodh go hiomlán iad. Tá roinnt easnamh i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh.
- Cuireadh na scileanna ceardaíochta/teicstíle i bhfeidhm go maith nuair a bhí an t-earra ceardaíochta/teicstíle á chruthú. Léirítear roinnt cruthaitheachta san earra.
- Tá machnamh an scoláire curtha i gcrích agus ar chaighdeán sásúil ach tá roinnt easnamh ann. Taispeántar roinnt cumais chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Tugtar achoimre an-bhunúsach ar an bhfaisnéis i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh; níor forbraíodh prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta go hiomlán. Tá easnaimh shuntasacha i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh.
- Cuireadh na scileanna ceardaíochta/teicstíle i bhfeidhm go dona nuair a bhí an t-earra ceardaíochta/teicstíle á chruthú. Is beag cruthaitheacht a léirítear san earra.
- Tá faisnéis shuntasach in easnamh ó mhachnamh an scoláire, agus taispeántar drochmheasúnú ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh.

*(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, Eanáir 2019, CNCM, lch. 17-18)*

**Nótaí:**

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha
# Pointí le Plé

## Ullmhúchán

**Ullmhúchán an scoláire**

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na snáithe staidéir: Saol Teaghlaigh Freagrach, agus Teicstílí agus Ceardaíocht, chun tabhairt faoina thionscadal Teicstílí Cruthaitheacha roghnaithe. Tugann an scoláire faoin Measúnú Rangbhunaithe seo i rith an Dara Bliain thar ocht go deich seachtaine ag brath ar an bhfáil atá aige ar acmhainní cuí agus sonracha. Ba chóir an obair a tháirgeadh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ábhair. Mar chuid de theagasc, d’fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama d’Eacnamaíocht Bhaile, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna, eolas agus cruthaitheacht teicstílí agus ceardaíochta a fhorbairt. Ba chóir go gcuirfí ar a chumas freisin cinntí inbhuanaithe a dhéanamh sula gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe i gcrích. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Cén réamhfhoghlaim a tharlóidh ionas go mbeidh na scoláirí tar éis eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a fhorbairt roimh MRB1?**

**Déan plé ar an obair a dhéanfaidh scoláirí faoi mhaoirseacht an mhúinteora ábhair.**

**Conas is féidir le scoláiri cur amach a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta?**

**Conas is féidir le scoláirí a bheith cruthaitheach agus cinntí inbhuanaithe a dhéanamh roimh MRB1?**

**Cathain i mBliain 2 a dhéanfaidh na scoláirí MRB1? (ag brath ar an bhfáil atá ar na hacmhainní cuí)**



# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

**Anailísigh**
staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Cuir i bhfeidhm**
faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

**Léirthuiscint a bheith ag... do...**
brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

**Meas**
saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Rangaigh**
rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta

**Déan comparáid**
cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

**Cuir i gcrích**
rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil

**Déan**
gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi

**Meas (cuimhnigh ar ...)**
cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil

**Cuir le chéile**
eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh

**Tiontaigh**
athrú go foirm eile

**Cruthaigh**
rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil

**Déan díospóireacht**
cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil

**Taispeáin**
rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

**Cuir síos**
pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

**Faigh amach**
rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh

**Forbair**
dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta

**Ceap**
nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh

**Dealaigh**
an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach

**Pléigh**
athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

**Idirdhealaigh**
na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir

CC BY NC

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

**Measúnaigh (sonraí)**
sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)**
fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Scrúdaigh**
argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

**Mínigh**
mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Fiosraigh**
dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

**Sainaithin**
patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Léirmhínigh**
eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Iniúch**
breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Cosain**
cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

**Ullmhaigh**
rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

**Cuir i láthair**
smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú

**Mol**
plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas

**Aithin**
fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

**Mol (comhairligh)**
rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir áirithe

**Ceangail**
rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt

**Luaigh**
ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta

**Tabhair le fios**
réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh

**Tuig**
corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm

**Úsáid**
eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

**Deimhnigh**
fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis

CC BY NC
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

# Torthaí Foghlama: Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

| | Snáithe 1<br>Bia, sláinte & scileanna cistineacha | Snáithe 2<br>Saol teaghlaigh freagrach | Snáithe 3<br>Teicstílí agus ceardaíocht |
|---|---|---|---|
| Gné<br>Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh | **1.1** na fachtóirí a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta<br>**1.2** béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair & don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil & a mheasúnú<br>**1.3** raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith<br>**1.4** scileanna cistineacha agus cruthaitheacha a thaispeáint maidir le hullmhú, cócaireacht agus cur i láthair bia<br>**1.5** cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia<br>**1.6** úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach<br>**1.7** úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhú bia | **2.1** cineálacha éagsúla teaghlach a phlé<br>**2.2** róil agus freagrachtaí an teaghlaigh a fhiosrú<br>**2.3** caidrimh teaghlaigh a phlé chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caidrimh a neartú idir daoine aonair agus teaghlaigh | **3.1** teicnící bunúsacha fuála láimhe agus innill a thaispeáint<br>**3.2** próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach<br>**3.3** teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/ nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach<br>**3.4** teicnící maisithe fabraice a thaispeáint |
| Gné<br>Sláinte agus folláine | **1.8** na gnéithe de nós maireachtála sláintiúil a phlé<br>**1.9** an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint<br>**1.10** ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú<br>**1.11** cur síos a dhéanamh ar struchtúr bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha an chóras díleá<br>**1.12** na riachtanais chothaitheacha ag gach céim den tsaolré a iniúchadh<br>**1.13** béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu<br>**1.14** riachtanais chothaitheacha daoine atá ar aiste bia speisialta a chur i bhfeidhm agus béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú | **2.4** na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé<br>**2.5** an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas<br>**2.6** na prionsabail agus treoirlínte dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus an taobh istigh de sheomra a dhearadh | **3.5** léirthuiscint a fháil ar ról teiripeach agus fóillíochta na hoibre teicstíle |
| Gné<br>Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe | **1.15** tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh<br>**1.16** cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú | **2.7** na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach<br>**2.8** cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh<br>**2.9** tionchar na teicneolaíochta ar láimhseáil acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a fhiosrú | **3.6** bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/ nó teicstíle sa teach a dheisiú, a athúsáid, a úsáid ar bhealach nua, a athchúrsáil agus a uaschúrsáil a thaispeáint<br>**3.7** nósanna imeachta cúraim teicstíle a úsáidtear sa teach a mheasúnú ó thaobh an chomhshaoil de<br>**3.8** tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus éiceolaíochta á gcur san áireamh |
| Gné<br>Inniúlacht tomhaltóirí | **1.17** comparáid a dhéanamh idir bianna a úsáidtear go coitianta in ullmhú bia agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar cháilíocht chothaitheach agus chéadfach an táirge<br>**1.18** táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú<br>**1.19** an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid á baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia | **2.10** scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil<br>**2.11** díospóireacht a dhéanamh faoi chearta agus freagrachtaí<br>**2.12** scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla<br>**2.13** scileanna i dtuiscint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách | **3.9** eolas faoi shiombailí cúraim teicstílí a chur i bhfeidhm |

# Measúnú Rangbhunaithe 2
# Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Tá nasc díreach ag Measúnú Rangbhunaithe 2 leis an scrúdú ar scileanna bia praiticiúla. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe ar threoir amháin le haghaidh scileanna litearthachta bia a roghnaítear ó liosta treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa Tríú Bliain gach bliain. Úsáidfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun a chuid scileanna litearthachta bia, idir scileanna cistineacha agus cruthaitheacha chomh maith lena chuid eolais faoi chothú a thaispeáint trí thaighde, anailís agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair riachtanais an ghnáthshaol.

Eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit na treoracha, agus d'fhéadfaí roghanna ó na réimsí leathana seo a leanas a áireamh iontu, i measc roghanna eile: béilí folláine don teaghlaigh a léiríonn na treoirlínte reatha maidir le bia sláintiúil; aiste bia speisialta nó galar a bhaineann le haiste bia; céim áirithe den tsaolré; lóin folláin ar scoil; béile sláintiúil a dhéantar sa bhaile seachas béile mearbhia a fhaightear i siopaí; cócaireacht sheiftiúil; fiontar bia/táirgí ó mhargadh feirmeoirí; cócaireacht eitneach.

Tarraingíonn an scoláire treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia faoi mhaoirseacht an mhúinteora de réir treoracha a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil. Úsáidfidh an scoláire an treoir mar bhunús a Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Leanfaidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh, tabharfaidh sé faoi thaighde, ginfidh sé smaointe agus scrúdóidh sé gach gné den treoir. Déanfaidh an scoláire taighde ar dhá réiteach fhéideartha chun riachtanais na treorach roghnaithe a chomhlíonadh.


Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, tabharfaidh an múinteoir agus a chomhscoláirí aiseolas don scoláire. Cabhróidh an t-aiseolas sin leis an scoláire a chur ar an eolas faoin méid a theastaíonn don ullmhúchán le haghaidh an scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla. Tá aiseolas riachtanach chun foghlaim a fheabhsú toisc go mbíonn tionchar aige ar spreagadh an scoláire chun foghlama agus ar a chumas foghlama. Ba chóir go n-áireofaí in aiseolas an mhúinteora a insint don scoláire a ndearna sé go maith, a gcaithfidh sé a dhéanamh chun an obair a fheabhsú agus a sprioc ón treoir roghnaithe a chur i gcuimhne don scoláire.

Úsáidfidh an scoláire plé lena chomhscoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a obair féin agus chun aiseolas a thabhairt dá chomhscoláirí. Tarlaíonn plé le comhscoláirí nuair a chuireann scoláirí comhairle ar a chéile agus nuair a thugann siad aiseolas faoin obair, lena n-áirítear a ndearnadh go 20 maith agus a bhféadfaí a dhéanamh chun an treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia a fheabhsú. Is éifeachtaí plé le comhscoláirí i dtimpeallacht thacúil agus mheasúil ina n-airíonn na scoláirí compórdach le chéile. Tá an deis machnaimh a chéile a roinnt úsáideach mar go bhforbraíonn an scoláire an teanga agus an cleachtas le haghaidh machnaimh.

Mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáidfidh an scoláire teicneolaíocht, nuair is cuí, chun taighde, anailísiú, pleanáil agus cur i láthair a dhéanamh ar a chuid torthaí.

# An próiseas chun
# Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích
# Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Leagtar amach san fhíor thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.




## Ullmhúchán

**Ullmhúchán an scoláire**


Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar an dá shnáithe staidéir, Bia, Sláinte agus Scileanna Cistineacha, agus Saol Teaghlaigh Freagrach, chun tabhairt faoina Threoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama d'Eacnamaíocht Bhaile, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde a fhorbairt, chomh maith le deiseanna chun a obair féin, agus obair a chomhscoláirí, a phlé. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre sa réimse seo a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta. Mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie:

- Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach https://www.ncca.ie/ga/an-tsraithshóisearach/measúnú-agus-tuairisciú

# Treoirlínte chun
# Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích
# Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia




I Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia, léireoidh an scoláire fianaise ar a thaighde bunaithe ar threoir roghnaithe le haghaidh scileanna litearthachta bia a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Déanfaidh an scoláire taifead ar an aiseolas a fhaigheann sé óna mhúinteoir agus óna chomhscoláirí freisin. Úsáidfidh sé an t-aiseolas sin chun machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre go dtí sin agus ar threo féideartha a scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla.

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le dhá réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

- Taighde, anailís agus pleanáil tosaigh
- Machnamh an scoláire

**1. Taighde, anailís agus pleanáil tosaigh**

Tarraingeoidh an scoláire treoir ón liosta a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil faoi mhaoirseacht an mhúinteora mar bhunús do Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Úsáidfidh sé próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun smaointe agus réitigh fhéideartha dá threoir a ghiniúint. Ba chóir go mbeadh cuntas gearr scríofa sa bhreac-chuntas ar a réiteach beartaithe ar an eolas seo a leanas:

- ráiteas na treorach
- trí chúinse atá le meas nuair atá réiteach féideartha á roghnú
- dhá réiteach fhéideartha
- dhá fhoinse eolais
- an réiteach roghnaithe
- dhá chúis don rogha, a chuimsíonn gach gné den treoir
- fianaise ar an taighde a rinneadh.

**2. Machnamh an scoláire**

I ndiaidh tabhairt faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh, ba chóir don scoláire:

- achoimre a thabhairt ar an aiseolas a fuair sé óna mhúinteoir agus óna chomhscoláirí
- machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre i bhfianaise an aiseolais a fuair sé.

**Fianaise ar Fhoghlaim**

Cuirfidh an scoláire breac-chuntas i láthair ar a réiteach beartaithe ar an treoir le haghaidh an scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla. Ní mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an breac-chuntas ar a réiteach beartaithe ar an treoir, a chuirfear isteach le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Tabharfar breithiúnas ar an bhfianaise ar fhoghlaim a chuirtear isteach lena measúnú bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta ábhartha a leagtar amach sna treoirlínte seo.

## Na Gnéithe Cáilíochta: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

**Thar barr ar fad**

- Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán an-ard agus tá sé an-chuimsitheach. Léiríonn an réiteach beartaithe léirmhíniú an-mhaith ar gach gné den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia
- Tá an taighde agus an anailís bunaithe ar fhianaise agus cuirtear i gcrích iad ar chaighdeán an-ard
- Tugtar achoimre an-chuimsitheach i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé agus tá sé le feiceáil i réiteach beartaithe an scoláire.

**Os cionn na n-ionchas**

- Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán ard. Léiríonn an réiteach beartaithe léirmhíniú maith ar fhormhór na ngnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia, agus deis bheag ann chun é a fheabhsú
- Tá an taighde agus an anailís bunaithe ar fhianaise agus cuirtear i gcrích iad ar chaighdeán ard
- Tugtar achoimre chuimsitheach i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé agus tá sé le feiceáil i réiteach beartaithe an scoláire.

**Ag teacht leis na hionchais**

- Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán sásúil. Tugann an réiteach beartaithe léirmhíniú maith ar roinnt gnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia ach tá roinnt easnamh ann
- Cuirtear an taighde agus an anailís i gcrích ar chaighdeán sásúil
- Tugtar achoimre shásúil i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé ach níl sé le feiceáil go hiomlán i réiteach beartaithe an scoláire.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Tugtar achoimre bhunúsach ar fhaisnéis sa bhreac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir. Tugann an réiteach beartaithe léirmhíniú teoranta ar go leor gnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia agus fágtar roinnt faisnéise ar lár
- Níl an taighde agus an anailís sásúil
- Tá an-teorainn le machnamh an scoláire

*(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, Eanáir 2019, CNCM, lch. 27)*

**Nótaí:**

# Próiseas na treorach le haghaidh dearadh


**Conas is féidir le Próiseas na treorach le haghaidh dearadh cabhrú le heispéireas foghlama na scoláirí?**





REDISCOVERY CENTRE

*(Léirmhíniú de Phróiseas na treorach le haghaidh dearadh mar atá i Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Eacnamaíocht Bhaile, CNCM, lch 27)*

# Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí



# Na hÓcáidí Foghlama is Tábhachtaí



# Aonad Foghlama: Rogha Leagan Amach

**Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí**

**Aonad Foghlama 2018/2019**

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Bliainghrúpa: _________ Fad an aonaid: ___________**

Pleanáil na Roinne

**Téama:**

## Torthaí Foghlama

*Scríobh na torthaí foghlama roghnaithe a bheidh ag scoláirí san aonad seo.*

*Pléigh na torthaí foghlama trasna na snáitheanna agus na ngnéithe gan dearmad a dhéanamh ar nádúr comhtháite na foghlama san Eacnamaíocht Bhaile.*

*Ós rud é gur thar thréimhse trí bliana atá na torthaí foghlama ní gá duit an toradh foghlama iomlán a chríochnú ag aon am ar leith. Is féidir na codanna den toradh foghlama ar a bhfuil tú ag díriú san aonad seo a fholíniú / a aibhsiú.*

*Cuimhnigh go n-úsáidtear na briathra gnímh chun an toradh foghlama a shoiléiriú. B'fhiú iad sin a aibhsiú freisin.*

*Aontaítear na torthaí foghlama ag leibhéal na roinne.*

## Príomhfhoghlaim

*Ag cur san áireamh go mbaineann na torthaí foghlama le tréimhse trí bliana aimsítear sa phríomhfhoghlaim na deiseanna foghlama a d'fhéadfadh a tharlú san aonad foghlama seo ag an aois agus ag an staid forbartha de réir mar is cuí.*

*Chun teacht ar an bpríomhfhoghlaim déan cíoradh ar thorthaí foghlama faoi **eolas** agus **tuiscint**, **scileanna** agus **luachanna**, agus ag an am céanna cuimhnigh ar na briathra gnímh.*

*Aontaítear an phríomhfhoghlaim ag leibhéal na roinne.*

## Measúnú

*Baineann an measúnú le fianaise a bhailiú ar an méid is féidir le scoláirí a rá, a dhéanamh, a scríobh nó a chur i ngníomh chun a gcuid foghlama a léiriú.*

*Tá na briathra gnímh lárnach agus* sinn *ag roghnú na gcineálacha measúnaithe is mian linn a bheith ag ár gcuid scoláirí.*

*Bíodh an measúnú nó na pointí seiceáil isteach ailínithe le toradh / le torthaí foghlama ar leith san aonad. Bíonn an measúnú ailínithe nuair a thugann sé deis do scoláirí an fhoghlaim atá beartaithe a léiriú ón toradh /ó na torthaí foghlama.*

*Aontaítear an measúnú nó na pointí seiceáil isteach ag leibhéal na roinne.*

## Acmhainní

*Ba chabhair é b'fhéidir na hacmhainní, a chuirfeadh leis an bhfoghlaim i rith an aonaid seo, a mheas agus a chomhroinnt.*

*Bíonn rogha ag múinteoirí freisin na hacmhainní is mó a mheasann siad a gcabhródh le foghlaim na scoláirí a úsáid.*

Pleanáil an Mhúinteora

## Intinní Foghlama

*Is éard atá in intinn foghlama le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna ná ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas atá ag na scoláirí, ar céard a thuigeann siad agus ar céard a bheidh ar a gcumas a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.*

*Cabhraíonn na hintinní foghlama chun a dhéanamh soiléir, i dteanga a thuigfidh scoláirí, céard é a bhíonn á fhoghlaim acu. Nuair a phléitear na hintinní foghlama le scoláirí cinntíonn sé sin go mbíonn teanga a thuigeann siad in úsáid agus go bhfuil siad soiléir faoin bhfoghlaim atá beartaithe.*

*Bíonn ceangal i gcónaí idir intinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó sa tSonraíocht.*

***Táimid ag foghlaim chun / conas….***

## Machnamh

### Machnamh an Mhúinteora

*Le linn agus tar éis duit an t-aonad foghlama a chríochnú b'fhiú smaoineamh ar cheisteanna cosúil le:*

- *An ndearna na torthaí foghlama a roghnaíodh comhtháthú lena chéile?*
- *Céard iad na hintinní foghlama a roinn mé leis na scoláirí i mo rang? An raibh na hintinní foghlama sin oiriúnach do mo chuid scoláirí?*
- *Céard iad na heispéiris fhoghlama a chruthaigh mé le mo chuid scoláirí?*
- *An athróinn ceann ar bith de na seiceálacha measúnaithe a aontaíodh?*
- *Conas a bhainfimis tairbhe as na torthaí foghlama seo in aonad foghlama eile amach anseo?*

### Machnamh na Roinne

**Aonad Foghlama 2018/2019: Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí**
**Pleanáil Roinne**

| **Bliain** | **Téarma** | **Aonad** | **Fad an aonad** |
|---|---|---|---|

**Téama**

| **Torthaí Foghlama** | **Príomhfhoghlaim** | **Measúnú** |
|---|---|---|
| *Scríobh na torthaí foghlama roghnaithe a bheidh ag scoláirí san aonad seo.*<br>*Pléigh na torthaí foghlama trasna na snáitheanna agus na ngnéithe gan dearmad a dhéanamh ar nádúr comhtháite na foghlama san Eacnamaíocht Bhaile.*<br>*Ós rud é gur thar thréimhse trí bliana atá na torthaí foghlama ní gá duit an toradh foghlama iomlán a chríochnú ag aon am ar leith. Is féidir na codanna den toradh foghlama ar a bhfuil tú ag díriú san aonad seo a fholíniú / a aibhsiú.*<br>*Cuimhnigh go n-úsáidtear na briathra gnímh chun an toradh foghlama a shoiléiriú. B'fhiú iad sin a aibhsiú freisin.*<br><br>*Aontaítear na torthaí foghlama ag leibhéal na roinne.* | *Ag cur san áireamh go mbaineann na torthaí foghlama le tréimhse trí bliana aimsítear sa phríomhfhoghlaim na deiseanna foghlama a d'fhéadfadh a tharlú san aonad foghlama seo ag an aois agus ag an staid forbartha de réir mar is cuí.*<br><br>*Chun teacht ar an bpríomhfhoghlaim déan cíoradh ar thorthaí foghlama faoi* ***eolas*** *agus* ***tuiscint****,* ***scileanna*** *agus* ***luachanna****, agus ag an am céanna cuimhnigh ar na briathra gnímh.*<br><br>*Aontaítear an phríomhfhoghlaim ag leibhéal na roinne.* | *Baineann an measúnú le fianaise a bhailiú ar an méid is féidir le scoláirí a rá, a dhéanamh, a scríobh nó a chur i ngníomh chun a gcuid foghlama a léiriú.*<br><br>*Tá na briathra gnímh lárnach agus* sinn *ag roghnú na gcineálacha measúnaithe is mian linn a bheith ag ár gcuid scoláirí.*<br>*Bíodh an measúnú nó na pointí seiceáil isteach ailínithe le toradh / le torthaí foghlama ar leith san aonad. Bíonn an measúnú ailínithe nuair a thugann sé deis do scoláirí an fhoghlaim atá beartaithe a léiriú ón toradh /ó na torthaí foghlama.*<br>*Aontaítear an measúnú nó na pointí seiceáil isteach ag leibhéal na roinne.* |

**Acmhainní**

*Ba chabhair é b'fhéidir na hacmhainní, a chuirfeadh leis an bhfoghlaim i rith an aonaid seo, a mheas agus a chomhroinnt.*

*Bíonn rogha ag múinteoirí freisin na hacmhainní is mó a mheasann siad a gcabhródh le foghlaim na scoláirí a úsáid.*

**Pleanáil Múinteora**

| Ainm Ranga | Réamhaonad Foghlama | Foghlaim Eile Amach Anseo |
|---|---|---|
| | | |

**Intinní Foghlama**

*Is éard atá in intinn foghlama le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna ná ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas atá ag na scoláirí, ar cad a thuigeann siad agus ar cad a bheidh ar a gcumas a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.*

*Cabhraíonn na hintinní foghlama chun a dhéanamh soiléir, i dteanga a thuigfidh scoláirí, cad é a bhíonn á fhoghlaim acu. Nuair a phléitear na hintinní foghlama le scoláirí cinntíonn sé sin go mbíonn teanga a thuigeann siad in úsáid agus go bhfuil siad soiléir faoin bhfoghlaim atá beartaithe.*

*Bíonn ceangal i gcónaí idir intinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó sa tSonraíocht.*

***Táimid ag foghlaim chun / conas….***

**Acmhainní Pleanála Eile**

https://www.jct.ie/leagangaeilge/home_economics/planning_resources_ga

**Machnamh Múinteora**

*Le linn agus tar éis duit an t-aonad foghlama a chríochnú b'fhiú smaoineamh ar cheisteanna cosúil le:*

- *An ndearna na torthaí foghlama a roghnaíodh comhtháthú lena chéile?*
- *Céard iad na hintinní foghlama a roinn mé leis na scoláirí i mo rang? An raibh na hintinní foghlama sin oiriúnach do mo chuid scoláirí?*
- *Céard iad na heispéiris fhoghlama a chruthaigh mé le mo chuid scoláirí?*
- *An athróinn ceann ar bith de na seiceálacha measúnaithe a aontaíodh?*
- *Conas a bhainfimis tairbhe as na torthaí foghlama seo in aonad foghlama eile amach anseo?*

**Machnamh Roinne**

# Nótaí

# Gluais Téarmaí na Sraithe Sóisearaí

| | |
|---|---|
| **Measúnú Rangbhunaithe (MRB)** | Is é an chaoi is fearr cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Leagtar amach na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta chun tacú le breithiúnas an mhúinteora. Cé go bhfuil an measúnú cosúil le measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar obair an scoláire a eascraíonn as an Measúnú Rangbhunaithe don chruinniú Athbhunaithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Úsáidtear é i dtuairsciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire ar Phróifíl Gnóthachtála na Sriathe Sóisearaí. |
| **Gnéithe Cáilíochta** | Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas. |
| **Measúnú Foirmitheach** (Creat lch. 31-32) | Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-eolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Chun eascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteasgasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san foghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin. |
| **Próifíl Ghnóthachatála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)** (Creat lch. 48) | I PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achar uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, achair fhoglama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirtear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar I ndiaidh na triú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe. |
| **Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)** (Creat lch. 41) | I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí. Beidh gach cruinniú don Áthbhreithiú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith. |
| **Critéir Rathúlachta** (CNCM Gluais) | Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déantar cur síos ar rath agus céard atá i gceist leis. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim an scoláire. |
| **Measúnú Suimitheach** (CNCM Gluais) | Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim an scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó na tréimhse foghlama. An aidhm atá leis ná achoimre a thabhairt ar ghnóthachtálacha an scoláire agus fáil amach cibé ar léirigh an scoláire tuiscint maidir leis an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir rathúlachta nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe agus cé chomh mór is a léirigh sé an tuiscint sin. |
| **Intinní Foglama agus Torthaí Foghlama** (CNCM Gluais) | **Intinní Foglama:** Is éard is intinní foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina ndéantar cur síos go soiléir ar céard is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.<br>**Torthaí Foghlama:** Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. |
| **Aonad Foglama** | In Aonad Foghlama, nasctar torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir céard is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. |

Tá breis eolas agus acmhainní le fáil ar an suíomh SSM: [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

Tá an t-eolas faoi mheasúnú sa leabhrán seo tógtha ó Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (An Chéad Eagrán) don chuid is mó. Tá sé seo le fáil ar www.curriculumonline.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Is féidir aiseolas a thabhairt ar http://jctregistration.ie/
Cliceáil ar Aiseolas (thíos), roghnaigh **Lá Cnuasghrúpa**, ansin **Eacnamaíocht Bhaile.**




## Sonraí Teagmhála:

**Oifig Riaracháin:**
Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.
www.metc.ie

**Oifig an Stiúrthóra:**
BOOLM (LMETB),
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.

**Lean sinn ar Twitter**

@JCforTeachers
@jctHomeEc

## Suíomhanna Gréasáin Eile:

www.jct.ie
www.jctregistration.ie
www.ncca.ie
www.curriculumonline.ie
www.schoolself-evaluation.ie